Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2026
(OR. en)

10026/26
ADD 1

LIMITE

AELE 35
MI 574
N 37
FL 15
ISL 22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0135(NLE)**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse |

DRÉACHT

**CHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE**
**Uimh. …**

**an …**

**lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE,**
**maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

PUBLIC

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2025 lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach a áireamh mar aon le creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú ('Rialachán EDIP')[1].

(2) Maidir le rannpháirtíocht Stáit CSTE sna gníomhaíochtaí atá mar thoradh ar Rialachán (AE) 2025/2643, is iomchuí go gcuirfear an rannpháirtíocht sin ar bun ón 1 Eanáir 2026, gan beann ar dháta glactha an Chinnidh seo agus gan beann ar cibé acu a thugtar nó nach dtugtar fógra maidir le comhlíonadh na gceanglas bunreachtúil le haghaidh an Chinnidh seo, más ann dóibh, tar éis an 10 Iúil 2026.

(3) Ba cheart eintitis atá bunaithe i Stáit CSTE a bheith i dteideal páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí lena gcuirfear tús roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Na costais a thabhaítear i leith gníomhaíochtaí den sórt sin, a gcuirfear tús lena gcur chun feidhme ón 1 Eanáir 2026, is féidir a mheas gur costais iad atá incháilithe faoi na coinníollacha céanna is infheidhme maidir leis na costais a thabhaíonn eintitis atá bunaithe i mBallstáit den Aontas, ar choinníoll go dtiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm roimh dheireadh na gníomhaíochta lena mbaineann.

(4) I gComhaontú LEE agus go háirithe in Airteagal 81 de, leagtar amach coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Stáit CSTE agus rannpháirtíocht a n-institiúidí, a ngnóthas, a n-eagraíochtaí agus a náisiúnach i gcláir an Aontais.

[1] IO L, 2025/2643, 29.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2643/oj.



PUBLIC

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go mbeidh an comhar leathnaithe sin ann ón 1 Eanáir 2026,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Cuirtear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 16 d'Airteagal 7 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE:

'17 Beidh Stáit CSTE, ón 1 Eanáir 2026, rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Aontais a bhaineann leis an ngníomh agus na línte buiséid seo a leanas, arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh:

-**32025 R 2643**: Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2025 lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú ('Rialachán EDIP') (IO L, 2025/2643, 29.12.2025).

**Líne bhuiséid 13 01 06**: 'Caiteachas tacaíochta don Chlár um an Tionscal Cosanta Eorpach'.

-**Líne bhuiséid 13 08 01**: 'An Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach'.

Na costais a thabhaítear i leith gníomhaíochtaí a gcuirfear tús lena gcur chun feidhme ón 1 Eanáir 2026, nó, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha faoi mhír 4 d'Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2025/2643, ón 5 Márta 2024, féadfar a mheas gur costais iad atá incháilithe amhail ó dháta tosaigh na gníomhaíochta a shocraítear sa chomhaontú deontais nó sna cinntí deontais lena mbaineann, faoi na coinníollacha a leagtar amach ann, ar choinníoll go dtiocfaidh Cinneadh ó Chomhchoiste LEE [An Cinneadh Seo] i bhfeidhm roimh dheireadh na gníomhaíochta.



PUBLIC

Díolmhófar an Íoslainn agus Lichtinstéin ó bheith rannpháirteach sa Chlár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus ón ranníocaíocht airgeadais a bhaineann léi. Dá bhrí sin, ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir leis an Íoslainn ná le Lichtinstéin.

De bhua Airteagal 79(3) den Chomhaontú, beidh feidhm ag Cuid VII (Forálacha Institiúideacha) den Chomhaontú maidir leis an mír seo.

An téarma 'Ballstát/Ballstáit' agus téarmaí eile lena dtagraítear d'eintitis phoiblí na mBallstát atá i gCaibidil VII de Rialachán (AE) 2025/2643, tuigfear gur téarmaí iad lena gcuimsítear Stáit CSTE agus a n-eintitis phoiblí siúd, sa bhreis ar bhrí na dtéarmaí sin i Rialachán (AE) 2025/2643.

Liostaítear thíos forálacha is infheidhme Rialachán (AE) 2025/2643 agus, chun críocha an Chomhaontaithe, léifear iad in éineacht leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(i) Ní bheidh feidhm ach ag na forálacha seo a leanas de Rialachán (AE) 2025/2643:

Airteagail 1 go 21, Airteagail 35 go 77 agus Airteagail 79 go 86.

(ii) In Airteagal 72(1), cuirfear na focail 'nó, a mhéid a bhaineann le gnóthais atá bunaithe i Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE, trí bhíthin cinnidh,' isteach i ndiaidh na bhfocal 'gníomhartha cur chun feidhme,'.

(iii) In Airteagail 72(2) agus 72(3) agus in Airteagail 73, 74 agus 75, cuirfear na focail 'nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis na bhfocal 'an Coimisiún','don Choimisiún', 'ag an gCoimisiún', 'ón gCoimisiún', agus 'an Choimisiúin'.



PUBLIC

(iv) In Airteagal 72(4), cuirfear na focail ‘Cinnfidh Stáit CSTE leithdháileadh mhéideanna na bhfíneálacha arna mbailiú ag Údarás Faireacháin CSTE.’ isteach tar éis na bhfocal ‘Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin.’.

(v) In Airteagal 73(5) agus Airteagal 74(5), pointe (b), cuirfear na focail ‘nó Chúirt CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh’.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

PUBLIC

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*Rúnaithe*

*Chomhchoiste LEE*

PUBLIC

**Dearbhú ó Stáit CSTE**
**a ghabhann le Cinneadh Uimh. […/…] an …**
**lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE**
**chun comhar na bPáirtithe Conarthacha a leathnú chun**
**rannpháirtíocht Stáit CSTE sa Chlár um an Tionscal Cosanta Eorpach**
**agus i gcreat beart chun infhaighteacht**
**agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú arna mbunú le Rialachán (AE) 2025/2643 a chumhdach**

**[lena ghlacadh leis an gCinneadh agus lena fhoilsiú san Iris Oifigiúil]**

Leis an gCinneadh seo, déantar comhar na bPáirtithe Conarthacha a leathnú chun rannpháirtíocht Stáit CSTE sa Chlár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus i gcreat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú ('EDIP') a chumhdach. Measann Stáit CSTE nach dtagann cúrsaí cosanta faoi raon feidhme Chomhaontú LEE, agus dá bhrí sin, le glacadh an Chinnidh seo, ní leathnaítear raon feidhme Chomhaontú LEE chun cúrsaí cosanta lasmuigh de rannpháirtíocht in EDIP a chumhdach. Cuireann Stáit CSTE i dtábhacht freisin nach bhfuil an Íoslainn ná Lichtinstéin rannpháirteach in EDIP agus, dá bhrí sin, nach gceanglófar orthu ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh ina leith.

PUBLIC